Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Iascach

2025/0202(NLE)

21.01.2026

***

DRÉACHTMHOLADH

ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le Prótacal ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht Dhaonlathach São Tomé agus Príncipe agus an Comhphobal Eorpach (2025–2029) a thabhairt i gcrích thar ceann an Aontais Eorpaigh
(11609/2025 – C10-0246/2025 – 2025/0202(NLE))

An Coiste um Iascach

Rapóirtéir: Nora Junco García

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

ÁBHAR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 6

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR 8

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le Prótacal ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht Dhaonlathach São Tomé agus Príncipe agus an Comhphobal Eorpach (2025–2029) a thabhairt i gcrích thar ceann an Aontais Eorpaigh
(11609/2025 – C10-0246/2025 – 2025/0202(NLE))

(Toiliú)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (11609/2025),

– ag féachaint don dréacht-Phrótacal ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht Dhaonlathach São Tomé agus Príncipe agus an Comhphobal Eorpach (2025-2029) (11606/2025),

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 43(2) agus Airteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C10-0246/2025),

– ag féachaint don mheasúnú buiséadach ón gCoiste um Buiséid,

– ag féachaint do Riail 107(1) agus (4), agus do Riail 117(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Fhorbairt,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Iascach (A10-0000/2025),

1. ag tabhairt a toilithe do thabhairt i gcrích an phrótacail;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus São Tomé agus Príncipe.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Réamhrá

Is tír oileánda í Poblacht Dhaonlathach São Tomé agus Príncipe i Murascaill na Guine / na hAfraice Thiar. Tá sí ar cheann de na tíortha is lú san Afraic, agus daonra de thart ar 200 000 duine aici.

Is í an iascaireacht an phríomhghníomhaíocht agus príomhfhoinse ioncaim do phobail cósta in São Tomé agus Príncipe. Iascaireacht ar mionscála atá i gceist go bunúsach in São Tomé agus Príncipe. Déanann soithí tuinníní an Aontais agus soithí tuinníní nach de chuid an Aontais iad iascaireacht thionsclaíoch i limistéar eacnamaíoch eisiach (EEZ) São Tomé and Príncipe. Is limistéar tarraingteach é limistéar iascaireachta São Tomé agus Príncipe toisc go bhfuil sé ar bhealach imirce do speicis mhórimirceacha ón Atlantach. Fuair 37 soitheach tuinníní ceadúnais iascaireachta ar an meán in aghaidh na bliana le linn na tréimhse 2020 go 2023, 25 acu de chuid an Aontais Eorpaigh[1].

Tá dúshláin roimh earnáil an iascaigh in São Tomé agus Príncipe maidir le rialachas, bainistiú acmhainní, agus úsáid tacaíochta earnála faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh (CCII) leis an Aontas Eorpach. Mar shampla, tá fadhbanna ann maidir le comhlíontacht agus oibleagáidí tuairiscithe faoin gCoimisiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú na dTuinníní Atlantacha (CICTA) agus maidir le fostaíocht mairnéalach agus breathnóirí as São Tomé agus Príncipe ar shoithí de chuid an Aontais. Tá tairbhí eacnamaíocha teoranta ann do São Tomé agus Príncipe mar gheall go bhfuil cabhlach an Aontais ag brath ar chalafoirt i dtíortha comharsanacha chun gabhálacha a thabhairt i dtír agus a phróiseáil[2].

An Prótacal nua

Tháinig an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht Dhaonlathach São Tomé agus Príncipe agus an Comhphobal Eorpach i bhfeidhm an 29 Lúnasa 2011 agus rinneadh é a athnuachan go hintuigthe ó shin.
Bhí Prótacal cúig bliana maidir le cur chun feidhme CCII ann roimhe seo: tháinig sé i bhfeidhm an 19 Nollaig 2019 agus chuaigh sé in éag an 18 Nollaig 2024.
Rinne an Coimisiún caibidlíocht le rialtas São Tomé agus Príncipe as ar eascair an Prótacal nua 2025-2029, bunaithe ar chinneadh ón gComhairle an 10 Meán Fómhair 2024 lenar údaraíodh tús a chur leis an gcaibidlíocht thar ceann an Aontais Eorpaigh maidir le Prótacal nua chun an CCII a chur chun feidhme le São Tomé agus Príncipe.
Chuir na hidirbheartaithe inisealacha leis an bPrótacal nua an 9 Aibreán 2025 agus shínigh na páirtithe é an 6 Deireadh Fómhair 2025.
Cumhdaíonn an Prótacal nua tréimhse ceithre bliana ó dháta a chur i bhfeidhm shealadaigh, i.e. ón dáta a shínigh na páirtithe é (an 6 Deireadh Fómhair 2025).

---

[1] An Coimisiún Eorpach: Ard-Stiúrthóireacht na nGnóthaí Muirí agus na hIascaireachta, F&S, POSEIDON, Defaux, V. agus Caillart, B., Évaluation rétrospective du Protocole de mise en œuvre de l'accord de partenariat dans le domaine de la pêche entre l'Union européenne et la République démocratique de Sao Tomé-et-Principe et prospective d'un éventuel futur protocole – Rapport final, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024 (https://data.europa.eu/doi/10.2771/264668).
[2] Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin SWD(2024)177 an 12.7.2024 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:52024SC0177

Tiocfaidh an Prótacal i bhfeidhm a luaithe a bheidh sé daingnithe ag an dá Pháirtí. Ar thaobh na hEorpa, ní mór toiliú Pharlaimint na hEorpa a fháil.

Leis an bPrótacal nua, déantar deiseanna iascaireachta a chur ar fáil don Aontas in uiscí São Tomé agus Príncipe, bunaithe ar an gcomhairle eolaíoch is fearr agus i gcomhréir le moltaí an Choimisiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh (ICCAT). Is é aidhm an Phrótacail creat nuashonraithe a sholáthar, trí thosaíochtaí an Chomhbheartais Iascaigh (CBI) athchóirithe agus caighdeáin idirnáisiúnta a chur san áireamh.

Deiseanna Iascaireachta

Leis an bPrótacal nua, ceadaítear do shoithí de chuid an Aontais 6,500 tona tuinnín agus speicis imirceacha eile a iascach in aghaidh na bliana in uiscí São Tomé agus Príncipe i gcomhréir leis na rúin ábhartha ó CICTA agus leis na teorainneacha a leagtar amach i reachtaíocht São Tomé agus Príncipe.

Leis an bPrótacal, cuirtear deiseanna iascaireachta ar fáil do 26 bhád saighne tuinníní (15 don Spáinn, 11 don Fhrainc) agus 9 mbád spiléireachta dromchla (7 don Spáinn agus 2 don Phortaingéil).

Ranníocaíocht airgeadais

Is é €825 000 ranníocaíocht airgeadais bhliantúil an Aontais, lena n-áirítear €325 000 le haghaidh rochtain ar achmhainní iascaigh (a chomhfhreagraíonn do thonnáiste tagartha 6 500 tona in aghaidh na bliana maidir le speicis mhórimirceacha) agus €500 000 chun acmhainneacht São Tomé agus Príncipe a neartú i dtaca le bainistiú inbhuanaithe iascaigh, rialú agus faireachas, chomh maith le tacaíocht don iascaireacht ar mionscála agus do phobail áitiúla.

Conclúid

Leis an bPrótacal nua, cuirtear feabhas ar an gcomhar idir an tAontas Eorpach agus São Tomé agus Príncipe, agus cuirtear forbairt ar bheartas iascaigh inbhuanaithe chun cinn.

Ó thaobh an Aontais de, cinntítear leis an bPrótacal nua rochtain leanúnach ar limistéir iascaireachta do chabhlach an Aontais, ós rud é go bhfuil clásal sa Chomhaontú reatha lena n-eisiatar gníomhaíochtaí iascaireachta nach bhfuil sa chreat a shainítear le prótacal, rud a théann chun tairbhe d'oibreoirí na Spáinne, na Portaingéile agus na Fraince den chuid is mó.

Ó thaobh São Tomé agus Príncipe, leis an tacaíocht earnála atá ar fáil faoin bPrótacal, cuideofar le São Tomé agus Príncipe i gcomhthéacs a straitéise náisiúnta um iascach, lena n-áirítear an comhrac in aghaidh na hiascaireachta neamhdhleathach, neamhrialáilte agus neamhthuairiscithe, agus dálaí oibre cuibhiúla a chur chun cinn i ngníomhaíochtaí iascaireachta.

Dá bhrí sin, is ábhar leasa don dá thaobh an Prótacal sin.

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR

Dearbhaíonn an rapóirtéir don tuairim, faoina freagracht eisiach, nár chuir sí san áireamh ina tuairim aon ionchur ó ionadaithe leasa a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach[1], ná ó ionadaithe údarás poiblí tríú tíortha, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí, atá le liostú san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

[1] Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach (IO L 207, 11.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2021/611/oj).